# 2014

# National Lottery Annual Report

## Tuarascáil Bhliantúil an Chrannchuir Naisiúnta

National Lottery

# Contents

# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **Review of the Year** | **Athbhreithniú ar an mBliain** | **4** |
| Chairman's Statement | Ráiteas an Chathaoirligh | 5 |
| Review of Operations | Athbhreithniú Oibríochta | 8 |
| **Governance** | **Rialachas** | |
| Board of Directors | An Bord Stiúrtha | 19 |
| **Finance** | **Airgeadas** | |
| Index to the Financial Statements | Innéacs de na Ráitis Airgeadais | 23 |

| English | Gaeilge |
| --- | --- |
| **Company Solicitor**<br>Hugh O'Reilly | **Aturnae an Chomhlachta**<br>Hugh O'Reilly |
| **Auditor**<br>KPMG Chartered Accountants | **Iniúchóir**<br>KPMG Cuntasóirí Cairte |
| **Bankers**<br>Bank of Ireland | **Baincéirí**<br>Banc na hÉireann |
| **Solicitors**<br>Matheson | **Aturnaetha**<br>Matheson |
| **Registered Office**<br>General Post Office,<br>O'Connell Street, Dublin 1 | **Oifig Chláraithe**<br>Ard-Oifig an Phoist,<br>Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1. |

2014

# Review of the Year

## Athbhreithniú ar an Mbliain

# 28 Years Results Figures

### Over €14 billion in Sales

Over the 28 years since it was established, the National Lottery has steadily increased its turnover. From sales of €130 million in its first nine months, accumulated sales now stand at €14.1 billion.

### Over €7 billion in Prizes

National Lottery players have reaped the benefits of playing. From 1987 to 2014, over €7.4 billion in prize money has been won by millions of players.

### €4.5 billion raised for Good Causes

Over the last 28 years, €4.5 billion has been raised by the National Lottery, and distributed by Government, to benefit good causes all over Ireland.

# Figiúirí ar Thorthaí 28 Bliana

### Breis is €14 billiún de dhíolachán

Thar na 28 mbliain ó bunaíodh é, tá an Crannchur Náisiúnta tar éis cur go seasta lena láimhdeachas. Ó dhíolachán de €130 milliún sna naoi mí tosaigh, seasann an figiúr carnaithe do dhíolachán anois ag €14.1 billiún.

### Os cionn €7 mbilliún de Dhuaiseanna

Bhain imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta leas as bheith ag imirt. Ó 1987 go 2014, bhuaigh na milliúin imreoirí os cionn €7.4 billiún de dhuais-airgead.

### €4.5 billiún cruinnithe do Dhea-Chúiseanna

Sna 28 mbliain deiridh, chruinnigh an Crannchur Náisiúnta €4.5 billiún, a dháil an Rialtas, chun dul chun sochair dhea-chúiseanna ar fud na hÉireann uile.



# Chairman's statement

2014 was a significant year in the development of Ireland's National Lottery. In February 2014, Premier Lotteries Ireland Limited (PLI), signed a twenty year licence to operate the National Lottery from 30th November 2014. The staff and management of the previous operator, An Post National Lottery Company, including CEO Dermot Griffin, transferred to PLI, ensuring continuity of operations. An Post successfully operated the Irish National Lottery since its creation in 1986 and I am pleased to report will continue as one of the shareholders of PLI. Premier Lotteries Ireland Limited commenced operations on 30th November 2014 and this Annual Report reflects the last trading period up to 29th November 2014 for the An Post National Lottery Company as the operator of the National Lottery.

The shareholders of PLI are Ontario Teachers' Pension Plan (OTPP), An Post and An Post Pension Funds. OTPP has a successful track record in the lottery industry through its shareholdings in the Camelot Group, which includes UK National Lottery operator Camelot UK Lotteries Limited.

Premier Lotteries Ireland Limited represents the best in lottery expertise globally and is uniquely positioned to grow the Irish National Lottery over the coming 20 years for the benefit of good causes.

# Ráiteas an Chathaoirligh

Bliain shuntasach ba ea 2014 i bhforbairt Chrannchur Náisiúnta na hÉireann. Mí Feabhra 2014 shínigh Phríomh-Chrannchuir Éireann Teoranta (PCÉ) ceadúnas fiche bliain chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil ó 30 Samhain 2014. D'aistrigh an fhoireann is an bhainistíocht ón oibritheoir a bhí cheana, Comhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist, an príomhfheidhmeannach, Dermot Griffin san áireamh, go dtí PCÉ, rud a chinntigh leanúnachas sa tseirbhís. Tá breis is 50 bliain de thaithí bainistíochta i mbainistiú Chrannchur Náisiúnta na hÉireann cnuasaithe ag an bhfoireann bainistíochta. Reáchtáil An Post Crannchur Náisiúnta na hÉireann ó bunaíodh é i 1986. Chuaigh Príomh-Chrannchuir Éireann Teoranta i mbun oibre ar 30 Samhain 2014 tar éis dóibh os cionn 20,000 píosa trealaimh a shuiteáil go sásúil ina líonra miondíola de 3,700 gníomhaire ar fud na hÉireann.

Is iad Ontario Teachers' Pension Plan (OTPP), An Post agus Cistí Pinsin an Phoist scairshealbhóirí PCÉ. Tá cuntas teiste an-rathúil i ngnó chrannchuir ag OTPP trína chuid scairsheilbhe le Grúpa Camelot a chuimsíonn oibritheoir Crannchur Náisiúnta na RA, Camelot UK Lotteries Limited.

Tá scoth na saintaithí ag Príomh-Chrannchuir Éireann Teoranta ar shaineolas ar chrannchuir ar fud an domhain agus tá cumas ar leith ann chun Crannchur Náisiúnta na hÉireann a fhás sna fiche bliain atá romhainn amach ar mhaithe le dea-chúiseanna.

## 2014 Performance

I'm pleased to report that, although the retail market continued to be challenging in 2014, a further €178.9 million or 28.4% of sales was raised for good causes in the 11 months to 29 November 2014. Since the establishment of the National Lottery 28 years ago, a cumulative total of €4.5 billion has been generated from National Lottery sales for distribution by the Government to good causes and communities throughout Ireland.

The high rate of player participation continued during the year with 44% of all adults playing one or more National Lottery games on a regular basis. Players, between them, shared prizes to the value of €355.1 million in 2014, representing 56.3% of sales, an increase from 55.9% of sales in 2013.

Our sales for the eleven month period to November were €630.9m, which when annualised represents a 0.4% increase on 2013 full year sales of €685.2m.

## Operations

We successfully reduced total operating costs during 2014 to €87.4 million which represents 13.9% of sales, compared to 14.1% in 2013.

I would like to thank the National Lottery management team and all employees for their professionalism and continued commitment to the successful operation of Ireland's National Lottery and, in particular, for their assistance with the transition to Premier Lotteries Ireland Limited (PLI) as the new operator.

## Feidhmíocht 2014

Is áthas liom a thuairisciú, in ainneoin an margadh miondíola a bheith fós dúshlánach i 2014, gur tuilleadh €178.9 milliún breise nó 28.4% den díolachán do dhea-chúiseanna. Ó bunaíodh an Crannchur Náisiúnta 28 mbliain ó shin, gineadh iomlán carnaithe de €4.5 billiún ó dhíolachán an Chrannchuir Náisiúnta le dáileadh ag an Rialtas ar dhea-chúiseanna is ar phobail ar fud na hÉireann.

Lean an leibhéal ard rannpháirtíochta ag imreoirí le linn na bliana agus d'imir 44% de dhaoine fásta ceann amháin nó níos mó de chluichí an Chrannchuir Naisiúnta ar bhonn rialta. Roinneadh duaiseanna dar luach €355.1 milliún ar imreoirí. B'ionann é seo agus 56.3% den díolachán, ardú ó 55.9% i 2013.

Bhí díolachán againn don tréimhse naoi mí go dtí Samhain de €630.9m. Nuair a dhéantar bliantúlú air seo is ionann é agus méadú de 0.4% ar dhíolachán 2013, arbh ionann é agus €685.2m.

## Oibríochtaí

D'éirigh linn na costais iomlána oibriúcháin a laghdú le linn 2014 go dtí €87.4 milliún, arb ionann é agus 13.9% den díolachán, i gcomparáid le 14.1% i 2013.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann bainistíochta an Chrannchuir Náisiúnta agus leis na fostaithe uile as a ngairmiúlacht agus as a dtiomantas leanúnach do reáchtáil rathúil Chrannchur Náisiúnta na hÉireann, agus go rí-speisialta, as a gcúnamh leis an trasdul chuig Príomh-Chrannchuir Éireann Teoranta, mar oibritheoir.

As chairman, I would also like to thank my fellow board members for their valued support and advice in what was a significant year for the organisation. The continued support provided by our shareholders, the Minister for Public Expenditure and Reform, who was also our Regulator up to 16 November 2014, and An Post, was much appreciated.

We look forward to continuing our involvement in the National Lottery through PLI as we work to develop and grow Ireland's National Lottery raising further funds for good causes.

Ba dheas liom, mar chathaoirleach, mo bhuíochas a ghabháil fosta le mo chomh-stiúrthóirí as a dtacaíocht is a gcomhairle luachmhar le linn bliana a bhí suntasach don eagraíocht. Ba mhór liom chomh maith an tacaíocht leanúnach a chuir ár scairshealbhóirí ar fáil, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, arb é ár Rialtóir é freisin, agus An Post.

Bliain trasdula a bheidh i 2015 de réir mar a athróidh an ghníomhaíocht is an fhoireann chuig an oibritheoir nua, Príomh-Chrannchuir Éireann Teoranta.  Beidh an gnó mar is gnách d'ár n-imreoirí is dár ngníomhairí i 2015 de réir mar a leanaimid de bheith ag forbairt is ag fás Crannchur Náisiúnta na hÉireann agus maoiniú breise á thuilleamh do dhea-chúiseanna.

Donal Connell

Chairman / Cathaoirleach
28 August, 2015 / 28 Lúnasa, 2015



# Review of Operations

A total of €178.9 million in funds was generated for good causes during 2014, despite the continued challenging retail environment and the shortened sales period to 29th November 2014. Another highlight for the year is that our online games channel continued to grow in 2014. Sales of €11.3 million in 2013 increased significantly to €16.2 million by the end of November 2014. Also worth noting was the high profile and high value EuroMillions jackpot wins by players in Ireland, making us one of the luckiest countries participating in this game.

Overall sales for 2014 were €630.9 million for the 11 months sales period, which represents close to €200 for each adult in the country.

### Players

Ireland's participation rate in National Lottery games is 44% of all adults playing on a regular basis. 2014 was a good year for our players who were rewarded with prizes to the value of €355.1 million or 56.3% of sales.

# Athbhreithniú Oibríochtaí

Gineadh ciste iomlán de €178.9 milliún do dhea-chúiseanna le linn 2014, in ainneoin an timpeallacht miondíola a bheith dúshlánach. Buaicphointe eile sa bhliain ba ea gur lean ár gcainéal do chluichí ar line de bheith ag fás le linn 2014. Tháinig méadú suntasach ar an ndíolachán de €11.3 milliún ag deireadh 2013 go dtí €16.2 milliún faoi dheireadh mhí na Samhna 2014. Is fiú suntas a thabhairt chomh maith do bhuanna phota óir Euromillions ag imreoirí in Éirinn, buanna a raibh próifíl agus luach ard ag baint leo, rud a fhágann go bhfuilimid ar cheann de na tíortha is ámharaí a ghlacann páirt sa chluiche.

Bhí díolachán iomlán de €630.9 milliún ann i 2014, figiúr arb ionann é agus €200 ag gach duine fásta sa tír.

### Imreoirí

Tá ráta rannpháirtíochta na hÉireann ar ceann de na rátaí is airde ar domhan le 44% de na daoine fásta uile ag imirt ar bhonn rialta. Bliain sár-mhaith d'ár n-imreoirí ba ea 2014 agus bronnadh luach €355.1 milliún de dhuaiseanna orthu nó 56.3% den díolachán.

During the course of the year players in Ireland also won big EuroMillions prizes:

- A Limerick man won €105,000 in the EuroMillions draw in August 2014.
- In September 2014, a syndicate from Ballybrack in Dublin won €87 million in the EuroMillions draw.
- In November, a €6 Quick Pick ticket bought in Tralee secured €500,000 for the lucky ticket owner in the EuroMillions draw.

The total won by EuroMillions players in Ireland since the game launched here in 2004 now stands at €568.9 million.

## Lotto

Lotto games represent the largest category in the National Lottery business. As a percentage of overall sales, Lotto sales account for a significant 31.9% while the Lotto family of games including Lotto Plus and Lotto 5-4-3-2-1 games account for 43.1% of overall sales, compared to 45.3% in 2013.

During 2014, Lotto sales were €201 million, compared to €229.5 million in 2013. This represents a 4% decrease on annualised sales over 2013. Overall the level of jackpots was higher than the previous year, with the highest jackpot of the year at €12.1 million, compared to €10.6 million in 2013.

In 2014, the average Lotto jackpot value was just over €4.3 million, 7% above the average value in the previous year.

Bhuaigh imreoirí in Éirinn duaiseanna móra Euromillions fosta.

- Bhain fear as Luimneach €105,000 sa chrannchur Euromillions mí Lúnasa 2014.
- Mí Mheán Fómhair 2014, bhuaigh sindeacáit ón mBaile Breac i mBaile Átha Cliath €87 milliún sa chrannchur Euromillions.
- Mí na Samhna, ghnóthaigh ticéad €6 Quick Pick, a ceannaíodh i dTrá Lí, €500,000 don úinéir ádhúil sa chrannchur Euromillions.

Is é €568.9 milliún an tsuim iomlán a bhuaigh imreoirí Euromillions in Éirinn ó seoladh an cluiche anseo i 2004.

## Lotto

Is iad na cluichí Lotto an catagóir cluichí is mó i ngnó an Chrannchuir Náisiúnta. Mar chéatadán den díolachán iomlán is ionann díolachán Lotto agus 31.9%, figiúr suntasach, agus is ionann an fine iomlán cluichí Lotto, Lotto Plus agus Lotto 5-4-3-2-1 san áireamh, 43.1% den díolachán iomlán i gcomparáid le 45.3% i 2013.

Le linn 2014, bhí €201 milliún de dhíolachán ar Lotto ann i gcomparáid le €229.5 milliún i 2013. Is ionann é seo agus laghdú 4% ar dhíolachán 2013 nuair a dhéantar bliantúlú air. Tríd is tríd bhí leibhéal na bpotaí óir níos airde ná an bhliain roimhe. Bé €12.1 milliún an pota óir ba mhó i gcomparáid le €10.6 milliún i 2013.

There was one jackpot win worth over €10 million during the year, two jackpot wins of over €8 million and three jackpot wins of over €5 million. Lotto players shared a total of €104.5 million in prizes and 15 new millionaires were created.

In June, a Lotto jackpot of €12,155,282 was won by a syndicate from Donegal. The winning ticket was sold in American House, Bundoran, Co. Donegal.

## Lotto Plus

The performance of the Lotto Plus game closely reflects that of Lotto with 91.4% of Lotto players also playing Lotto Plus. Lotto Plus sales were €59.8 million in the eleven months under review. Lotto Plus players shared €28.5 million in prizes, with 34 top prize winners.

## Lotto 5-4-3-2-1

Lotto 5-4-3-2-1, remained a favourite with those players looking for higher odds of winning amounts from €4 to €100,000. Sales of €11.3 million were generated in 2014, compared to €13 million for 12 months in 2013. This represents a 5.3% decline when proportionately adjusted. Lotto 5-4-3-2-1 players won a total of €7.5 million in prizes, with a high prize pay-out of 66.8%.

## EuroMillions

EuroMillions sales were €119 million, an increase of 10.2%, when adjusted, on 2013 sales.

We offered two guaranteed Jackpots of €100 million which generated €22.1 million in sales.

I 2014 bé €4.3 milliún meánmhéid an phota óir. B'ionann é seo agus méadú 7% thar meánmhéid na bliana roimhe.

Bhí bua phota óir amháin ann le linn na bliana arbh fhiú os cionn €10 milliún é, trí phota óir os cionn €8 milliún agus cúig phota óir arbh fhiú os cionn €7 milliún iad. Roinneadh iomlán de €104.5 milliún de dhuaiseanna ar imreoirí Lotto agus cruthaíodh seachtar milliúnaí nua.

Mí an Mheithimh bhuaigh sindeacáit gan ainm ó Dhún na nGall pota óir Lotto de €12,155,282. Díoladh ticéad an bhua san American House, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall.

## Lotto Plus

Is cosúil go maith feidhmiúchán an chluiche Lotto Plus le ceann Lotto agus 91.4% d'imreoirí Lotto ag imirt Lotto Plus chomh maith. B'ionann díolachán Lotto Plus agus €59.8 milliún sa tréimhse aon mhí déag atá faoi chaibidil. Is ionann e seo agus laghdú 3.2% i gcomparáid le feidhmiúchán 2013. Roinneadh duaiseanna dar luach €28.5 milliún ar imreoirí Lotto Plus agus bhain 34 buaiteoir barr-dhuaiseanna.

## Lotto 5-4-3-2-1

Lean Lotto 5-4-3-2-1 de bheith ina rogha ag na himreoirí úd a lorgaíonn corrlach níos fearr suimeanna ó €4 go 100,000 a bhuachan. Gineadh díolachán de €11.3 milliún i 2014 i gcomparáid le €13 milliún sa tréimhse 12 mí i 2013. Is ionann é seo agus laghdú de 5.3% nuair a dhéantar coigeartú coibhneasach. Bhuaigh imreoirí Lotto 5-4-3-2-1 iomlán de €7.5 milliún de dhuaiseanna le híocaíocht ard duaiseanna de 66.8%.

EuroMillions players in Ireland did well in 2014 with almost 100,000 players winning cash prizes each week.

## EuroMillions Plus

Sales of EuroMillions Plus were up, from €40.7 million in 2013 to €41.7 million. 70.1% of EuroMillions players also played the Plus game, compared to 69.1% in 2013.

During the year EuroMillions Plus players shared €22.6 million in prizes, with 16 top prize winners of €500,000.

## Scratch Card Games

The All Cash group of games was the most popular Scratch Card game category in 2014 with sales of €90 million while the biggest seller in terms of unit sales was All Cash €1 scratch cards which sold 23.6 million tickets. The launch of a new €20 All Cash game, our first ever €20 ticket, proved very popular with players, delivering €5 million in sales.

The prize fund for Scratch Card games was €109.9 million in 2014, from €111.1 million in 2013 but this represented an 8% uplift when adjusted on a proportional basis for the eleven month sales period.

Overall, sales of Scratch Cards, including online Instant Win Games, decreased by 2% from €167.7 million in 2013 to €164.2 million but this represented a 7% uplift when adjusted for 11 month sales period.

## EuroMillions

Bhí díolachán de €119 milliún ar Euromillions – méadú de 10.2% ar dhíolachán 2013 é seo nuair a dhéantar oiriúnú.

Rinneamar dhá phota óir, le barántas de €100 milliún a thairiscint agus ghin siad €22.1 (milliún)? de dhíolachán.

Rinne imreoirí Euromillions in Éirinn go maith i 2014 agus bhuaigh díreach faoi bhun 100,000 imreoir duaiseanna airgid gach seachtain.

## EuroMillions Plus

Bhí méadú ar dhíolachán Euromillions Plus ó €40.7 milliún i 2013 go dtí €41.7 milliún. D'imir 78.3% d'imreoirí Euromillions an cluiche Plus chomh maith i gcomparáid le 77% i 2013.

Le linn na bliana roinneadh luach €22.6 milliún de dhuaiseanna ar imreoirí Euromillions Plus agus bhí 13 buaiteoir barr-dhuaise de €500,000 ann.

## Cluichí Scríobchárta

Bhí fine All Cash ar an gcatagóir de chluichí Scríobchárta ba mhó éilimh i 2014 le díolachán de €90 milliún agus i dtéarmaí líon na n-aonad a díoladh b'iad scríobchártaí €1 All Cash a b'fhearr a dhíol. Díoladh 23.6 milliún ticéad. Bhí an-tóir ar sheoladh an chluiche nua All Cash ar €20 agus baineadh amach díolachán de €5 milliún.

## TV Game Shows

The National Lottery launched a brand new Grand Prize Game format in 2014 hosted by Brian Ormond. The Money Spinner saw Brian bring the Lottery Wheel to locations around Ireland, with a total prize fund of €4 million. The show was broadcast from Dublin as well as travelling to counties Kilkenny, Mayo, Westmeath, Donegal, Clare and Cavan. Every week each of the five players had the chance to win €250,000 on the wheel, while there were also additional feature prizes to be won. The Money Spinner Game was live streamed on the lottery.ie website. The series generated sales of €8.9 million.

*Winning Streak*, broadcast on RTÉ and hosted by Marty Whelan and Sinead Kennedy, was watched by approximately 250,000 viewers each week and generated sales of €28.2 million. A total prize fund of €9.8 million was won by 234 players.

## Millionaire Raffle

The National Lottery ran a limited edition Millionaire Raffle Draw during Easter 2014 generating €3.2 million in sales.

The €1 million Easter Millionaire Raffle prize was claimed by an anonymous winner from Co. Dublin who bought their ticket in Kenny's Centra, Lower Kimmage Road Dublin 6.

A Millionaire Raffle €250,000 winning ticket was sold in Ard Brae Service Station, Vevay Road, Bray, Co. Wicklow.

Bhí duaischiste de €109.9 milliún ann do chluichí Scríobchartaí i 2014 i gcomparáid le €111.1 milliún i 2013 ach b'ionann é seo agus ardú de 8% nuair a dhéantar coigeartú coibhneasach don tréimhse díolacháin aon mhí deag.

Ar an bhforiomlán bhí laghdú imeallach ar dhíolachán Scríobchártaí, ar a n-áirítear na cluichí Tob-bhua ar líne, ó €167.7 milliún i 2013 go dtí €164.2 milliún ach b'ionann é seo agus méadú 7% nuair a dhéantar an coigeartú.

## Seochluichí Teilifíse

Sheol an Crannchur Náisiúnta seochluiche teilifíse úrnua i 2014 agus é á chur i láthair ag Brian Ormond. Leis an Money Spinner thóg Brian Roth an Lotto ar fud na hÉireann le duaischiste de bhreis is €4 milliún. Craoladh an clár ó Bhaile Átha Cliath agus thaisteal sé chomh maith go dtí contaetha Cill Chainnigh, Maigh Eo, an Iarmhí, Dún na nGall, an Clár agus Cabhán. Gach seachtain bhí deis ag gach duine den cúigear imreoir €250,000 a bhuachan ar an roth agus bhí duaiseanna ar leith breise ann freisin le buachan. Rinneadh an Seóchluiche Money Spinner a shruthú beo ar shuíomh gréasáin lottery.ie. Ghin an tsraith seo díolachán de €8.9 milliún.

Craoladh Winning Streak ar RTÉ agus Marty Whelan agus Sinead Kennedy mar óstaigh air. Bhí lucht féachana de thart faoi 250,000 aige gach seachtain agus ghin sé díolachán de €28.2 milliún. Bhuaigh 234 imreoir duaischiste iomlán de €9.8 milliún.

## Millionaire Raffle

Reáchtáil an Crannchur Náisiúnta eagrán ar leith de Chrannchur Millionaire Raffle le linn na Cásca i 2014 agus ghin sé díolachán de €3.2 milliún.

## TellyBingo

A total of €12.4 million was won in prizes on Tellybingo. There were three promotions (Valentine's Day; 8th May and 11th September) in the TellyBingo game during 2014. Sales of TellyBingo in 2014 were €15.9 million compared to €17.1 million in 2013, representing a 1.3% uplift for the eleven month period.

## Daily Million

Sales of Daily Million and Daily Million Plus amounted to €14.8 million in 2014. Sales of the game were particularly strong online.

## Play Online

During 2014 online play continued to be the fastest growing area of National Lottery business. Modifications made to the registration process in April 2014 allowed us to increase registration numbers from 57,000 to 134,000 by the end of November 2014. Sales of €11.3 million at the end of 2013 increased to €16.2 million by the end of November 2014, an increase of 60%. Instant win games performed particularly well representing 14.6% of play online sales.

The biggest online winners of the year were two winners of €350,000 each and one winner of €250,000 won by players from Dublin and Meath.

---

Bhailigh buaiteoir gan ainm ó Cho. Bhaile Átha Cliath an duais de €1 milliún ar Millionaire Raffle na Cásca. Cheannaigh sé/sí an ticéad i Centra Kenny's, Bóthar Chamaí Íoch., Baile Átha Cliath 6.

Díoladh ticéad Millionaire Raffle a bhuaigh €250,000 i Stad Freastail Ard Brae, Bóthar Vevay, Bré, Co. Chill Mhantáin.

## TellyBingo

Buadh iomlán de €12.4 milliún mar dhuaiseanna ar Tellybingo. Bhí trí phromóisean i gcluiche TellyBingo le linn 2014 – (ar Lá San Valentín, 14 Feabhra, ar 8 Bealtaine agus ar 11 Meán Fómhair). B'ionann díolachán Tellybingo i 2014 agus €15.9 milliún i gcomparáid le €17.1 milliún i 2013, arb ionann é agus ardú 1.3% don tréimhse aon mhí deag.

## Daily Million

Bhí díolachán de €14.8 milliún ar Daily Million agus Daily Million Plus i 2014. Bhí díolachán an-láidir ar line ach go háirithe.

## Imir ar Líne

Le linn 2014 b'í imirt ar line an ghné ba thapúla fáis i ngnó an Chrannchuir Náisiúnta. Feabhsuithe sa mhodh clárúcháin ba chúis le méadú sa líon daoine a bhí ag clárú ó 40,000 go dtí 134,000 faoi dheireadh mhí na Samhna 2014. Bhí méadú ar an díolachán ó €11.3 milliún ag deireadh 2013 go dtí €16.2 milliún faoi dheireadh mhí na Samhna 2014. Bhí an-ráchairt ar chluichí tob-bhua. B'ionann a ndíolachán agus 14.6% den díolachán iomlán ar line.

B'iad na buaiteoirí ba mhó ar line le linn na bliana ná beirt bhuaiteoir de €350,000 an duine agus buaiteoir amháin de dhuais de €250,000. Imreoirí as Baile Átha Cliath agus ón Mhí a bhain na duaiseanna.

## Operations

In 2014, National Lottery staff managed a total of 1,456 draws, with 31 draws now taking place every week. Total operating expenses for the year were €87.4 million, representing 13.9% of sales compared to 14.1% in 2013. The largest of these expenses was agents' commission which at €38.6 million represented 6.1% of total sales.

Administrative costs for 2014 were €16.7 million and equate to 2.6% of sales, compared to 2.7% in 2013.

The number of retail agents was 3,700 in 2014. Large digital display screens in retail agents have proven to be an effective means of communicating real-time jackpot details and other National Lottery game information directly to our players at the point of purchase. We also continued to invest in developing our website and the annual number of visits was over 24 million in 2014. The trend towards mobile access via mobile phone and tablets to our website continued upwards during the year from 44% in 2013 to 60% in 2014.

Our Facebook community continued to grow, reaching over 140,000 fans by the end of November 2014.

Two of our marketing campaigns won awards during 2014. Our Daily Million advertising campaign (One Million, one Euro, everyday) won an Advertising Effectiveness 'Gold' award at the Institute of Advertising Practitioners in Ireland (IAPI), ADFX 2014 awards. Also, our play online marketing campaign featuring the National Lottery guru, won the Best Advertising Campaign award at the All Ireland Marketing Awards 2014.

## Oibriúcháin

I 2014, phróiseáil foireann an Chrannchuir Náisiúnta breis is X idirbheart, reáchtáil siad iomlán de 1,456 crannchur agus bhí 32 crannchur ag tarlú gach seachtain. Bhí costais oibriúcháin de €87.4 milliún ann le linn na bliana, laghdú 9.5% ó €96.6 milliún i 2013. Is ionann seo agus méadú de 0.8% nuair a dhéantar coigeartú. Bé coimisiún na ngníomhairí an ghné ba mhó de na costais seo - €38.6 milliún nó 6.1% den díolachán iomlán.

Laghdaíodh na costais riaracháin do 2014 ó €18.5 milliún i 2013 go dtí €16.7 milliún i 2014. B'ionann iad agus 2.6% den díolachán.

Bé 3,700 líon na ngníomhairí miondíola le linn na bliana. Modh éifeachtach iad na scáileáin mhóra taispeántais i siopaí miondíola seo chun mioneolas réad-ama faoi photaí óir agus faoi chluiche eile de chuid an Chrannchuir Naisiúnta a roinnt ar ár n-imreoirí san ionad ceannaigh. Leanamar freisin de bheith ag infheistiú i bhforbairt ár suíomh gréasáin agus arís eile bhí os cionn 24 milliún cuairt air i 2014. Bhí fás faoin gclaonadh ár suíomh gréasáin a rochtain go móibíleach le teileafóin phóca agus taibléid agus bhí fás go 60% faoi le linn 2014 ó 44% i 2013.

Lean ár bpobal Facebook de bheith ag fás agus bhí 140,000 de lucht leanúna ann faoi dheireadh mhí na Samhna 2014.

Bhain dhá fheachtas margaíochta dár gcuid duaiseanna le linn 2014. Bhuaigh ár bhfeachtas fógraíochta Daily Million (Aon Mhilliún, aon Euro, gach lá) duais Óir Advertising Effectiveness de chuid Advertising Practitioners in Ireland (IAPI) sna ADFX Awards i 2014. Chomh maith leis sin bhuaigh ár bhfeachtas fógraíochta imir ar líne, a raibh gúrú an Chrannchuir Náisiúnta mar cuid de, duais don bhFeachtas Fógraíochta is Fearr ag Duaiseanna Margaíochta Uile-Éireann i 2014.

## Corporate Responsibility

Promoting responsible gaming is a core value of the National Lottery and remains the cornerstone of the National Lottery's approach to Corporate Responsibility. Our aim is to provide exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to players.

We work to ensure as far as possible that our games do not encourage excessive or underage play, that individuals play within their means and that the vulnerable and persons less than 18 years of age are protected. The Terms and Conditions and Prize Rules also specify that prizes will not be paid out to a minor. Our commitment to the highest standards of responsible gaming continues to be recognised at European and international level. Following a successful recertification audit in May 2014 carried out by Deloitte's, we continue to be aligned with European Lotteries Responsible Gaming Standards and World Lottery Association Responsible Gaming Framework.

## Good causes

The National Lottery's mission is to operate a world class lottery raising funds for good causes on behalf of the Government and we are proud to have delivered on this objective again in 2014, raising a further €178.9 million for good causes. Since the National Lottery was launched in 1987, over €4.5 billion has been raised with over 32.1% of all National Lottery sales funding good causes around the country.

These funds have made a significant difference to communities, projects and individuals in the areas of youth, sports, recreation, amenities, health, welfare, arts, culture, national heritage and the Irish language. During

## Freagracht Chorparáideach

Luach lárnach de chuid an Chrannchuir Náisiúnta is ea cluichíocht fhreagrach a chur chun cinn agus tá sé ina chloch choirnéil ag cur chuige an Chrannchuir Náisiúnta ó thaobh Fhreagracht Chorparáideach de. Tá sé mar aidhm againn cluichí crannchuir spreagúla agus mealltacha a sholáthar a chuireann spraoi agus caitheamh aimsire ar fáil d'imreoirí.

Déanaimid ár ndícheall a chinntiú chomh fada agus is féidir nach gcothaíonn ar gcluichí imirt iomarcach nó faoi aois, go n-imríonn daoine taobh istigh dá n-acmhainní agus go gcosnaítear daoine soghonta agus iadsan faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá sé leagtha amach chomh maith inár dTéarmaí agus Coinníollacha agus sna Rialacha Duaise nach n íocfar duais le mionaoiseach. Leantar de bheith ag aithint ár dtiomantas do na caighdeáin is airde cluichíochta freagraí agus leibhéal Eorpach agus go hidirnáisiúnta. Mar thoradh ar iniúchadh athdheimhniúcháin d'éirigh linn leanúint de bheith ag teacht leis na European Lotteries Responsible Gaming Standards agus leis an World Lottery Association Responsible Gaming Framework.

## Dea-chúiseanna

Tá sé mar mhisean ag an gCrannchur Náisiúnta crannchur ar chaighdeán domhanda a reáchtáil agus maoiniú a ghnóthú do dhea-chúiseanna thar ceann an Rialtais. Ábhar bróid dúinn gur éirigh linn an aidhm sin a bhaint amach arís i 2014 agus €178.9 milliún do dhea-chúiseanna á ngnóthú againn.
Ó seoladh an Crannchur Náisiúnta i 1987 gnóthaíodh os cionn €4.5 billiún agus dea-chúiseanna ar fud na tíre á maoiniú le 32.1% de dhíolachán iomláin an Chrannchuir Náisiúnta

Rinne an maoiniú seo difríocht shuntasach do phobail, do thionscadail agus do dhaoine aonair i réimsí dála daoine óga, spóirt, fóillíocht, áiseanna, sláinte, leas sóisialta, na healaíona, cultúr, an oidhreacht náisiúnta agus

2014, we continued to highlight the level and positive impact of funds raised by featuring beneficiary projects on TV Game Shows, in The Spark (our good causes newsletter) and on the National Lottery website.

Premier Lotteries Ireland Limited took over the operation of the National Lottery in 2014 and this new licence provided an additional €405 million for the Government with around half of this money going towards the much needed National Children's Hospital and the remainder to other job-rich projects including the Wild Atlantic Way, the 1916 Commemoration and the National Sports Campus.

## Some of the Good Causes funded by the National Lottery in 2014:

**Autism Assistance Dogs Ireland (AADI)** is a national charity providing highly trained assistance dogs for children with autism and their families. The dogs are specially trained to provide safety, independence and companionship to children who would otherwise live in a very isolated world. It takes nearly two years and €15,000 to train each dog most of which comes from public donations. AADI have placed 19 assistance dogs and 16 companion dogs. AADI have been overwhelmed by the demand for the dogs and currently have a six year waiting list which they have had to close. Autism Assistance Dogs Ireland was assisted by National Lottery funding in 2014.

**Holly's Horse Haven** is the only official cross border/cross community, 24/7 critical care rescue charity in Ireland. They are an endorsed, not-for-profit charity who make a meaningful difference in the lives of neglected and at-risk horses and ponies throughout the country through direct intervention, education, community outreach, the raising of awareness, and through hands-on horse rescue, rehabilitation and re-homing.

Horse rescues are integrated into an equine therapy/training programme, a relatively new type of rehab therapy which teaches youth, disabled and troubled individuals how to care for and be responsible for others.

an Ghaeilge. Le linn 2014, leanamar de bheith ag aibhsiú leibhéal agus éifeacht dhearfach na gcistí a gnóthaíodh trí thionscadail, a bhain leas astu, a léiriú ar Sheóchuichí Teilifíse, sa Spark (ár nuachtlitir faoi dhea-chúiseanna) agus ar shuíomh gréasáin an Chrannchuir Náisiúnta.

Ghlac Príomh-Chrannchuir Éireann Teoranta reáchtáil an Chrannchuir Naisiúnta ar lámha i 2014 agus chuir an ceadúnas nua seo €405 milliún breise ar fáil don Rialtas. Tá leath den airgead seo le caitheamh ar an Ospidéal Náisiúnta do Leanaí, a bhfuil géarghá leis, agus an chuid eile ar thionscadail, atá luachmhar ó thaobh jabanna de, ar a n-áirítear Slí an Atlantaigh Fhiáin, Comóradh 1916 agus an Campas Náisiúnta Spóirt.

## Roinnt Dea-chúiseanna a fuair maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta i 2014:

Carthanacht náisiúnta é **Autism Assistance Dogs Ireland** a sholáthraíonn madraí cúnta sár oilte do pháistí a bhfuil uathachas orthu is dá dteaghlaigh. Tá oiliúint speisialta curtha ar na madraí chun sábháilteacht, neamhspleáchas agus cairdeas a chur ar fáil do pháistí a mbeadh saol an-aonarach acu murach iad. Glacann sé nach mór dhá bhliain agus €15,000 chun gach madra a thraenáil. Tagann an chuid is mó de seo trí shíntiúis ón bpobal. Tá 19 madra cúnta agus 16 madra coimhdeachta curtha ar fail ag AADI.
Tá AADI báite le hiarratais do mhadraí agus faoi láthair tá liosta feithimh sé bliana acu a chaith siad a dhúnadh. Chuidigh ciste an Chrannchuir Náisiúnta le Autism Assistance Dogs Ireland le linn 2014.

Is é **Holly's Horse Haven** an t-aon chumann carthanachta oifigiúil trasteorann/trasphobail i mbun cúraim chriticiúil agus tarrtháil ar bhonn 24/7 in Éirinn. Cumann carthanachta formhuinithe ní-chun-

It involves the caring for horses as a means to accomplish this and grow as a person. The combination of working with the animal and caring for another being enables the individual to grow emotionally, mentally and physically. Equine therapy has been found to be extremely effective for treating mental health problems, encouraging youth assertiveness, disability support and addictions. Holly's Horse Haven was assisted by National Lottery funding in 2014.

**Mid-West Simon Community** is part of the Federation of Simon Communities which provide the best possible care, accommodation and support for people experiencing homelessness and those at risk. Together with people who are homeless, Simon tackles the root causes and promotes innovative responses. Simon delivers support and service to between 4,500 and 5,000 individuals and families who experience - or are at risk of - homelessness on an annual basis.

National Lottery Good Causes funding supported the purchase of equipment necessary to set up a Food Bank Service in three locations operated by the Mid-West Simon Community.

**National Governing Body for Sailing and Motor Boating in Ireland (ISA)**
Annalise Murphy, who came fourth in the 2012 London Olympic Games, is a member of the Irish Sailing Association's Performance Department and is currently in training for the 2016 Rio Olympic Games. Annalise's training is funded by the Sports Council which receives National Lottery funds, making the

brabúis iad a dhéanann difríocht bhríoch ar fud na tíre don cineál saoil a chaitheann capaill agus pónaithe a bhfuil neamart déanta iontu nó atá i mbaol trí idirghabháil dhíreach, oideachas, for-rochtain phobail, trí fheasacht a chothú agus trí tharrtháil theagmhasach capall, trí athshlánú agus athlonnú.

Tá tarrtháil chapall comhtháite i gclár teiripe/oiliúna do chapaill, cineál sách nua teiripe a mhúineann do dhaoine óga, do dhaoine díchumasaithe nó faoi strus conas cúram a dhéanamh de dhaoine eile agus bheith freagrach astu. Tá i gceist leis cúram a dhéanamh de chapaill mar bhealach chun é seo a bhaint amach agus chun forbairt mar dhuine. Cuireann bheith ag obair le capall agus bheith ag déanamh cúraim de neach beo eile ar chumas an duine fás go mothúchánach agus forbairt ó thaobh meabhrach agus fisice de. Tá faighte amach go mbíonn teiripe capaill an-éifeachtach chun déileáil le fadhbanna meabhairghalair, chun féin-mhuinín a chothú i ndaoine óga agus mar tacaíocht i gcás díchumais agus andúile. Fuair Holly's Horse Haven cúnamh ón gCrannchur Náisiúnta i 2014.

Tá **Clann Shíomóin an Mheán-iarthair** mar chuid de Chomhnaidhm Chlann Shíomóin a chuireann an cúram, an chóiríocht agus an tacaíocht is fearr ar féidir ar fáil dóibhsean atá gan díon, gan dídean agus dóibhsan atá i mbaol. I bpáirt leis na daoine atá gan dídean tugann Simon aghaidh ar na bunchúiseanna, spreagann sé réitigh nuálacha agus spreagann sé an Rialtas chun a chuid geallúintí a chomhlíonadh. Soláthraionn Simon tacaíocht agus seibhís do 4,500 go 5,000 duine agus teaghlach, atá gan dídean nó atá i mbaol, gach bliain.

Thacaigh maoiniú do Dhea-Chúiseanna ón gCrannchur Náisiúnta le ceannach trealaimh riachtanach chun Seirbhís Bhanc Bia a bhunú i dtrí ionad agus iad á reáchtáil ag Clann Shíomóin an Mhéan-Iarthair. Baineann breis is 100 cliant leas as na bainc bhia gach seachtain.

**An Bord Rialaithe Náisiúnta do Sheoltóireacht is do Mhótarbhádóireacht in Éirinn (ISA)**
Ball de Roinn Imeartha an Chumainn Éireannaigh um Sheoltóireacht í Annalise Murphy, a tháinig sa cheathrú áit i gCluiche Oilimpeacha Londain i 2014 agus faoi láthair tá sí ag traenail do Chluichí Oilimpeacha Rio I 2016. Tá oiliúint Annalise á maoiniú ag an gComhairle Spóirt a fhaigheann maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta agus a fhágann gur feidir don Roinn Imeartha a bheith ann. A bhuíochas do chúnamh ón gCrannchur Naisiúnta tig le

Performance Department possible. Through the support of the National Lottery Annalise can continue to bring her dreams to life and be an international ambassador for Ireland on an elite stage.

### The Future

The staff of the National Lottery and I look forward to working as part of Premier Lotteries Ireland Limited, introducing exciting new plans to ensure the National Lottery continues to grow and develop, providing substantial funds for good causes for the benefit of Ireland's future generations.

Annalise leanúint de bheith ag fíorú a haislinge agus bheith mar ambasadóir ag Éirinn ar an stáitse seo don scothaicme.

### Na Todhchaí

Táimse agus foireann an Chrannchuir Náisiúnta ag tnúth le bheith ag obair mar chuid de Phríomh-Chrannchuir Éireann Teoranta agus sinn ag cur i bhfeidhm pleananna nua, spreagúla a chinnteoidh go leanfaidh an Crannchur Náisiunta de bheith ag fás is ag forbairt, agus ag soláthar maoiniú substaintiúil do dhea-chúiseanna chun leasa na nglún atá le teacht.

Dermot Griffin

Chief Executive / Príomhfheidhmeannach
28 August, 2015 / 28 Lúnasa, 2015

# Board of Directors/ An Bord Stiúrtha

**Donal Connell,**
**C.Eng., F.I.E.I., B.E.**
**Chairman** **Cathaoirleach**

Mr. Connell is Chief Executive of An Post, having been appointed to that position in August 2006. He began his career in the Department of Post and Telegraphs and has held senior management positions in Unitrode Ireland, 3Com Ireland and Maxtor Ireland where he was General Manager prior to joining An Post. He is an executive director of An Post and a non-executive director of Xilinx Corporation's European Board.

Príomhfheidhmeannach ar An Post é an tUas. Connell agus ceapadh sa phost sin é mí Lúnasa 2006. Thosaigh sé a shaolré oibre leis an Roinn Poist agus Telegrafa agus bhí postanna arda bainistíochta aige i Unitrode Ireland, 3Com Ireland agus Maxtor Ireland mar a raibh sé ina Bhainisteoir Ginearálta sula ndeachaigh sé isteach in An Post. Stiúrthóir feidhmiúcháin é in An Post agus is stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin é ar Bhord Eorpach Xilinx Corporation.

**Dermot Griffin,**
**B.Comm., F.C.C.A.**
**Director** **Stiúrthóir**

Mr. Griffin joined An Post National Lottery Company in June 2005 as Chief Operating Officer and he was appointed as Chief Executive in June 2006. He joined the Company from Vodafone Ireland where he was Commercial Director, having previously held the positions of Business Development Director and Finance Director in that company. He commenced his career with KPMG, Chartered Accountants. He is a non-executive director of Services Aux Loteries En Europe which manages the EuroMillions game. He is also a Director of the E-services and Communications Credit Union Limited.

Chuaigh an tUas. Griffin isteach i gComhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist mí an Mheithimh 2005 mar Phríomhoifigeach Gníomhaíochta agus ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach mí an Mheithimh 2006. Tháinig sé isteach sa Chomhlacht ó Vodafone Ireland mar a raibh sé ina Stiúrthóir Tráchtála. Roimhe sin, bhí sé mar Stiúrthóir Forbartha Gnó agus mar Stiúrthóir Airgeadais sa chuideachta úd. Thosaigh sé a shaolré gairmiúil le KPMG, Cuntasóirí Cairte. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é de chuid Services Aux Loteries en Europe a bhainistíonn an cluiche EuroMillions. Is stiúrthóir é freisin i gComhar Creidmheasa E-sheirbhísí agus Cumarsáide Teoranta.

## Caroline Murphy,

**BA, HDip Psych, MA Psych**

**Director Stiúrthóir**

Ms. Murphy is an organisational psychologist who specialises in Media and Communication Consultancy and Training and Web TV production. She is also a well-known broadcaster and can be heard presenting 'It Says in the Papers' on RTÉ's Morning Ireland. She has worked previously for RTÉ both as a producer and as a presenter of programmes on television and radio. She is a board member of the Family Support Agency and of the National Sports Campus Development Authority.

Síceolaí eagraíochta í Caroline Murphy ar saineolaí í i gComhairleoireacht is in Oiliúint do na Meáin agus do Léiriúcháin Teilifíse ar Líonra. Craoltóir aithnidiúil í freisin agus is féidir í a chloisteáil agus 'It Says in the Papers' á chur i láthair aici ar Morning Ireland  de chuid RTÉ. D'oibrigh sí roimhe seo do RTÉ mar léiritheoir is mar chraoltóir ar theilifís is ar raidió. . Stiúrthóir í ar bhord na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh agus den Údarás um Fhorbairt an Champais Náisiúnta Spóirt.

## Brian Fay

**BA, MSc, ACA**

**Company Secretary Rúnaí Comhlachta**

Mr Fay is Company Secretary of An Post. He is a Chartered Accountant and trained in practice with KPMG. He has held senior finance and regulatory positions in An Post. Prior to joining An Post, he held senior financial positions in companies within the manufacturing and service sectors.

Rúnaí cuideachta ar An Post é an tUas Fay. Cuntasóir Cairte é a oileadh i gcleachtas KPMG. Bhí postanna sinsearacha airgeadais agus rialúcháin aige in An Post. Sula ndeachaigh sé isteach i An Post bhí postanna sinsearacha airgeadais aige le cuideachtaí in earnáil na déantúsaíochta agus in earnáil sheirbhísí.

## Oliver Wilkinson,

**Director Stiúrthóir**

Mr. Wilkinson is a farmer in Co. Waterford and chairman of Cappoquin Community Development Company Limited. He has had a long career in local and national politics and was a member of Waterford County Council for 17 years until 2002. He was mayor of Waterford County Council in 2001/2002 and a member of Dáil Éireann from 2002 until 2007.

Feirmeoir as Co. Phort Láirge é an tUas. Wilkinson agus is cathaoirleach e ar Chuideachta Forbartha Pobail Cheapach Choinn Teoranta é.  Tá cúlra fada aige i bpolaitíocht áitiúil agus náisiúnta agus ba bhall é de Chomhairle Chontae Phort Láirge ar feadh 17 mbliain go dtí 2002. Ba mhéara é ar  Chomhairle Chontae Phort Láirge i 2001/2002 agus ba theachta é i nDáil Éireann ó 2002 go dtí 2007.

### Peter Quinn,

**B.Comm., F.C.A., M.B.A.**

**Director Stiúrthóir**

Mr. Quinn is Chief Financial Officer of An Post, having been appointed to that position in August 2004. Prior to this, he held senior financial and strategic positions in PJ Carroll and Company plc and Monaghan Mushrooms Limited. He is a Chartered Accountant and trained in practice with KPMG.

Príomhoifigeach Airgeadais le An Post é an tUas. Quinn agus ceapadh é sa phost sin mí Lúnasa 2004. Roimhe sin, bhí postanna ard-reachta aige le PJ Carroll and Company plc agus le Monaghan Mushrooms Limited. Cuntasóir Cairte é a oileadh i gcleachtas KPMG.

### Micheál Ó Muircheartaigh,

**N.T., B.A., B.Comm., H.D.E., D.P.A.**

**Director Stiúrthóir**

Mr. Ó Muircheartaigh is a sports journalist and was a sports commentator with RTÉ from 1949 until he retired in 2010. He is a founder member of Gaelscoil Oilibhéir serving the Blanchardstown / Clonsilla / Castleknock area of Dublin and acted as Chairman of that school board for three terms. He has served as President of Gaelscoileanna, the national organisation for Irish medium schools and he was a member of Bord Na Gaeilge for nine years and Chairman for seven. He also served as Chairman of the Board of Guaranteed Irish for nine years.

Iriseoir spóirt é an tUas.Ó Muircheartaigh agus ba thráchtaire spóirt é le RTÉ ó 1949 go dtí gur éirigh sé as i 2010. Duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil Oilibhéir é a fhreastalaíonn ar cheantar Bhaile Bhlainséir/Chluain Salach/Chaisleán Cnucha de Bhaile Átha Cliath agus chuir sé trí théarma isteach mar Chathaoirleach ar an mbord scoile sin. B'uachtarán é ar Ghaelscoileanna, an eagraíocht náisiúnta do scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge agus ba chomhalta é de Bhord na Gaeilge ar feadh naoi mbliana agus ina Chathaoirleach ar feadh seacht mbliana. Bhí sé ina Chathaoirleach freisin ar Guaranteed Irish ar feadh naoi mbliana.

# Index to the Financial Statements
# Innéacs do na Ráitis Airgeadais

## Contents

## Clár an Ábhair


| Contents | Clár an Ábhair | |
|---|---|---|
| Report of the Directors | Tuarascáil na Stiúrthóirí | 24 |
| Statement of Directors' Responsibilities | Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 34 |
| Report of the Independent Auditor | Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách | 36 |
| Profit & Loss Account | Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 39 |
| Balance Sheet | An Clár Comharduithe | 40 |
| Cashflow Statement | Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 41 |
| Notes to the Financial Statements | Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 42 |

# Report of the Directors

The Directors have pleasure in submitting their twenty eight annual report, together with the audited financial statements of the Company, for the year ended 31 December 2014, in fulfilment of their obligations under the Companies Act 2014.

## 1. The Company

The principal activity of the Company during the year was operating the National Lottery under Licence from the Minister for Public Expenditure and Reform in accordance with the provisions of the National Lottery Act, 1986.

80% of the issued share capital is held by An Post and 20% is held by the Minister for Public Expenditure and Reform.

## 2. Results for the Year

The results for the year are set out on page 39.

## 3. Business Review

In October 2013, the Minister for Public Expenditure and Reform announced that Premier Lotteries Ireland Limited had been selected as the preferred bidder for the next National Lottery Licence which will be in place for a 20 year period. The new licence was signed on 27 February 2014 following which Premier Lotteries Ireland Limited entered a transition phase to take over operating the National Lottery from the Company. This transition was completed on 29th November, 2014 and the Company ceased trading on that date. Therefore, the results for the year reflect 11 months trading.

During the year, the Company generated sales of €631m (2013: €685m). After prizes and operating costs including costs associated with the transfer of the licence and expected costs of winding up the company, this resulted in a surplus of €179m to the benefit of the Beneficiary Fund.

In monitoring the Company's performance,

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a n-ochtú tuarascáil is fiche, maille leis na ráitis airgeadais iniúchta don Chomhlacht, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014, a chur isteach, faoi réir a ndualgas faoi Acht na gCuideachtaí 2014.

## 1. An Comhlacht

Bí príomh-ghníomhaíocht an Chomhlachta le linn na bliana an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil faoi Cheadúnas ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi réir fhorálacha an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986.

Is i seilbh An Phoist atá 80% den scairchaipiteal a eisíodh agus is i seilbh An Aire Caiteachais Phoiblí atá 20% de.

## 2. Torthaí don Bhliain

Tá torthaí don bhliain leagtha amach ar leathanach 39.

## 3. Athbhreithniú Gnó

Mí Dheireadh Fómhair 2013 d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go raibh Príomh-Chrannchuir Éireann Teoranta roghnaithe mar an tairgeoir ba rogha don chéad Cheadúnas eile um Chrannchur Náisiúnta a mbeidh feidhm leis ar feadh tréimhse 20 bliain.

Síníodh an ceadúnas nua ar 27 Feabhra 2014 agus ansin thosaigh Príomh-Chrannchuir Éireann Teoranta céim trasdula chun reáchtáil An Chrannchuir Náisiúnta a ghlacadh ar lámha ón gComhlacht. Bhí an chéim trasdula seo críochnaithe ar 29 Samhain 2014 agus d'éirigh an Comhlacht as bheith ag trádáil ón dáta sin ar aghaidh. Fágann sé seo gur torthaí do thréimhse thrádála 11 mí atá léirithe anseo.

Le linn na bliana ghin an Comhlacht díolachán de €631m (2013: €685m). Bhí mar thoradh air seo go raibh barrachas ann de €179m chun leasa Chiste na dTairbhithe nuair a bhí duaiseanna agus costais oibriúcháin glanta ar a n-áirítear na costais measta a ghabh le foirceannadh an chomhlachta.

the Directors and management had regard to a range of key performance indicators (KPIs).

Agus monatóireacht á dhéanamh acu ar fheidhmiú an chomhlachta, thóg na Stiúrthóirí agus an bhainistíocht aird ar raon d'eochairtháscairí feidhmiúcháin (ETFanna).

| KPI | ETF | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| Prizes as a percentage of sales | Duaiseanna mar chéatadán den díolachán | 56.3% | 55.9% |
| Operating costs as a percentage of sales | Costais oibríochta mar chéatadán den díolachán | 13.9% | 14.1% |
| Surplus for the financial year earned as a percentage of sales | Barrachas don bhliain airgeadais tuillte mar chéatadán den díolachán | 29.9% | 30.1% |

The above KPIs are within the terms of the Licence to operate the National Lottery.

The Corporate Governance Statement on pages 25 to 33 sets out the Company's policies and approach to risks and the related internal control procedures and responsibilities which applied during the year.

### 4. Directors, Secretary and their interests

The Directors of the Company are appointed by the Minister for Public Expenditure and Reform and their conditions of appointment and fees are set out in writing.

On 22 July 2014, Mr. Jack Dempsey retired as Company Secretary and Mr. Brian Fay was appointed on the same date.

The Directors and Secretary who held office at 31 December, 2014 had no interest in the shares in, or debentures of, the Company or any Group Company.

### 5. Employees

As part of the transition to the new operator, some staff in the Company availed of a voluntary severance\early retirement scheme and the remaining staff transferred to Premier Lotteries Ireland Limited on 30 November 2014 under the Transfer of Undertakings Protection legislation.

### 6. Corporate Governance

Maintaining high standards of corporate governance continued to be a priority of the Directors of the Company in 2014. The Board has developed its corporate governance policy so as to give effect to the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the Department of Finance and to apply the principles of good governance as appropriate to such an enterprise.

Tá na EFTanna thuasluaite taobh istigh de théarmaí an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil.

Tá polasaithe agus cur chuige an Chomhlachta maidir le rioscaí agus gnáthaimh inmheánacha rialaithe agus freagrachtaí gaolmhara a bhí i bhfeidhm le linn na bliana leagtha amach sa Ráiteas ar Rialachas Corparáide ar leathanaigh 25 go 33.

### 4. Stiúrthóirí, Rúnaí agus a leasa tairbhiúil

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a cheapann Stiúrthóirí an Chomhlachta agus leagtar amach a dtéarmaí ceapacháin agus a dtáillí i scríbhinn.

Ar 22 Iúil 2014 d'éirigh an tUas. Jack Dempsey as mar Rúnaí Comhlachta agus ceapadh an tUas. Brian Fay ina áit ar an dáta céanna.

Ní raibh leas tairbhiúil i scaireanna ná bintiúir an Chomhlachta a bhain leis nó le haon Ghrúp Chuideachta ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí a bhí in oifig ar 31 Nollaig 2014.

### 5. Fostaithe

Mar chuid den trasdul go dtí an t-oibritheoir nua bhain cuid d'fhoireann an Chomhlachta leas as scéim dheonach scarúna/luath-scoir agus d'aistrigh an chuid a d'fhan chuig Príomh-Chrannchuir Éireann Teoranta ar 30 Samhain 2014 faoi réir reachtaíocht um Chosaint Thraschur Gnóthas.

### 6. Rialachas Corparáide

Tosaíocht é ag Stiúrthóirí an Chomhlachta i 2014 ardchaighdeáin rialachais chorparáide a choinneáil. D'fhorbair an Bord a pholasaí ar rialachas corparáide le go mbeadh feidhm ag an gCód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus chun feidhm a thabhairt do phrionsabail an dearialachais mar is cuí i ngnóthas mar seo.

Tá na Stiúrthóirí freagrach do na scairshealbhóirí as dearialachas corparáide agus pléann an

The Directors are accountable to the shareholders for good corporate governance and this report addresses how the relevant main and supporting principles of the Code of Best Practice for the Governance of State Bodies have been applied within the Company.

## The Board

The Company is controlled through its Board of Directors. Up to the date of cessation of the Licence, the Board's main roles were to oversee the operation of the Company, to provide leadership to the Company, to approve the Company's strategic objectives and to ensure that the necessary financial and other resources are made available to enable them to meet those objectives. The Board, which met monthly during the year, had a schedule of matters reserved for its approval.

The specific responsibilities reserved to the Board during the year included: setting Company strategy and approving an annual budget; reviewing operational and financial performance; approving major capital expenditure; ensuring compliance with the terms of the licence to operate the National Lottery, reviewing the Company's systems of financial control and risk management; ensuring that appropriate management development and succession plans were in place; reviewing the environmental, health and safety performance of the Company; approving the appointment of the Company Secretary; and ensuring that a satisfactory dialogue took place with shareholders.

The Board delegated the following responsibilities to management: implementation of the strategies and policies of the Company as determined by the Board; monitoring of the operating and financial results against plans and budgets; development of controls over the operation of draws, prioritising the allocation of technical and human resources; and developing and implementing risk management systems.

## The roles of the Chairman and Chief Executive

**The Chairman** is responsible for organising the business of the Board, ensuring its effectiveness and setting its agenda. The Chairman facilitates the effective contribution of non-executive Directors and constructive relations between the executive Director and non-executive Directors, ensures that Directors receive accurate, timely and clear information and manages effective communication with shareholders.

tuarascáil seo leis an tslí inar cuireadh i bhfeidhm na príomhphrionsabail agus na prionsabail thacaíochta ábhartha atá le fáil sa Chód Sár-Chleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit i gcás an Chomhlachta.

## An Bord

Rialaítear an Comhlacht trína Bhord Stiúrtha. Go dtí dáta scoir an Cheadúnais b'iad príomhróil an Bhoird maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an Chomhlachta, cinnireacht a sholáthar don Chomhlacht, cuspóirí straitéiseacha an Chomhlachta a fhaomhadh agus Tuarascáil na Stiúrthóirí deimhin a dhéanamh de go gcuirfí ar fáil na hacmhainní riachtanacha airgeadais agus eile chun gur féidir leo na cuspóirí sin a bhaint amach. Uair sa mhí a tháinig an Bord le chéile le linn na bliana. Bhí sceideal ábhar forchoimeádta le faomhadh ag an mBord. Tá comhdhéanamh an Bhoird gan athrú ó tháinig an ceadúnas chun críche.

I measc na sainfhreagrachtaí a forchoimeádadh don Bhord le linn na bliana bhí: straitéis an Chomhlachta a cheapadh agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh; feidhmiú oibríoch agus airgeadais a athbhreithniú; mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh; deimhin a dhéanamh de go bhfuil téarmaí an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil á gcomhlíonadh; córais an Chomhlachta um rialú airgeadais agus bainistiú riosca a athbhreithniú; deimhin a dhéanamh de go raibh pleananna cuí i bhfeidhm chun forbairt agus comharbaíocht na bainistíochta a chinntiú; feidhmiú an Chomhlachta ó thaobh na timpeallachta agus cúrsaí sláinte is sábháilteachta de a athbhreithniú; ceapadh Rúnaí an Chomhlachta a fhaomhadh; deimhin a dhéanamh de go raibh idirphlé sásúil ann leis na scairshealbhóirí.

Tá na freagrachtaí seo a leanas tarmligthe ag an mBord don bhainistíocht: feidhmiú na straitéisí agus pholasaithe an Chomhlachta, a bheadh sonraithe ag an mBord; faireachán a dhéanamh ar thorthaí oibríocha agus airgeadais i gcomparáid le pleananna agus le buiséid; córais rialaithe a fhorbairt do reáchtáil na gcrannchur, tosaíochtaí a cheapadh do chionroinnt acmhainní daonna is teicniúla; agus córais bainistíochta riosca a cheapadh is a chur i bhfeidhm.

## Róil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Is é **An Cathaoirleach** atá freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, a chinntíonn a éifeacht agus a shocraíonn a chlár gnó. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach na Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin agus deachaidreamh idir iad agus an Stiúrthóir feidhmiúcháin agus cinntíonn sé go bhfaigheann na Stiúrthóirí eolas cruinn, tráthúil agus soiléir.

**The Chief Executive** had direct charge of the Company on a day to day basis and was accountable to the Board for the financial and operational performance of the Company.

## Directors and Directors' independence

Up to the date of cessation of the Licence, the Board comprised the Chairman, five non-executive Directors and the Chief Executive. The positions of Chairman and Chief Executive were held by different persons. The Board included independent non-executive Directors who brought strong, independent judgement, knowledge, and experience to the Board's deliberations. The composition of the board has remained unchanged since the cessation of the licence.

The National Lottery Act, 1986, prescribed that the number of directors of the Company be seven. The authority regarding selection, nomination and appointment of the Directors was directly vested with the Company's shareholders. As such considerations such as board composition, board appointments and board renewal rested with the Company's shareholders rather than with the Board.

The Chairman held meetings with the non-executive Directors without the executive Director being present. The Board had formal procedures in place in this regard.

Directors have the right to ensure that any concerns they have, which cannot be resolved, about the running of the Company or a proposed action, are recorded in the Board minutes. In addition, upon resignation, a non-executive Director will be asked to provide a written statement to the Chairman, for circulation to the Board, if they have any such concerns.

The Directors are given access to independent professional advice at the Company's expense, when the Directors deem it is necessary in order for them to carry out their responsibilities.

## The Company Secretary

The Company Secretary is a full time employee of the Company's parent company, An Post. The Company Secretary is responsible for advising the Board, through the Chairman, on all governance matters. All Directors have access to the advice and services of the Company Secretary. The Company's Articles of Association provide that the appointment and removal of the Company Secretary is a matter for the full Board.

Bainistíonn sé freisin cumarsáid éifeachtach leis na scairshealbhóirí.

Is ag **an bPríomhfheidhmeannach** abhí údarás díreach ar an gComhlacht ó lá go chéile agus bhí sé freagrach don Bhord as feidhmiú oibríoch agus airgeadais an Chomhlachta.

## Stiúrthóirí agus Neamhspleáchas na Stiúrthóirí

Suas go dtí dáta scoir an Cheadúnais chuimsigh an Bord an Cathaoirleach, cúigear Stiúrthóir neamh fheidhmiúcháin agus an Príomhfheidhmeannach. Daoine difriúla a bhí i bpost an Chathaoirligh agus i bpost an Phríomhfheidhmeannaigh. Áirítear ar an mBord Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin neamhspleácha a rug leo breithiúnas láidir, neamhspleách maille le heolas agus taithí agus gnóthaí an Bhoird faoi chaibidil. Tá comhdhéanamh an Bhoird gan athrú ó tháinig deireadh leis an gceadúnas.

Leagtar amach faoi fhorálacha an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986, gurb é seachtar líon na stiúrthóirí ar an gComhlacht. Tá an t údarás a bhaineann le roghnú, ainmniú agus ceapadh na Stiúrthóirí dílsithe i scairshealbhóirí an Chomhlachta. Baineann aon cheist, dála comhdhéanamh an Bhoird, ceapacháin ar an mBord nó athnuachan an Bhoird, le scairshealbhóirí an Chomhlachta seachas leis an mBord.

Bhí cruinnithe ag an gCathaoirleach leis na Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin gan an Stiúrthóir feidhmiúcháin a bheith i láthair. Bhí gnáthaimh fhoirmiúla chuige seo i bhfeidhm ag an mBord.

Tá sé de cheart ag Stiúrthóirí deimhin a dhéanamh de go gcláraítear i miontuairiscí an Bhoird aon ábhar imní gan réiteach atá acu faoi reáchtáil an Chomhlachta nó faoi bheart atá molta. De bhreis air sin, iarrfar ar aon Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin a éiríonn as oifig, ráiteas i scríbhinn a thabhairt don Chathaoirleach, le cur thart ar an mBord, má tá aon ábhar imní aige.

Cuirtear comhairle neamhspleách phroifisiúnta ar fáil do na Stiúrthóirí ar chostas an Chomhlachta má shíleann na Stiúrthóirí go bhfuil gá lena leithéid le go bhféadfaidís a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

## Rúnaí an Chomhlachta

Fostaí lánaimseartha de chuid mháthair-chomhlacht an Chomhlachta, An Post, é Rúnaí an Chomhlachta. Tá freagracht ar an Rúnaí comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, faoi gach gnó rialachais. Tá teacht ag na Stiúrthóirí uile ar chomhairle is ar sheirbhísí Rúnaí an Chomhlachta. Tá sé leagtha amach in Airteagail Chomhlachais an Chomhlachta gur gnó don Bhord ina iomláine ceapadh nó briseadh Rúnaí an Chomhlachta.

## Information

Regular reports and papers are circulated to the Directors in a timely manner in preparation for Board and Committee meetings. These papers are supplemented by information specifically requested by the Directors from time to time.

During the year, the non-executive Directors received monthly management accounts and regular management reports and information which enabled them to scrutinise the Company's and management's performance against agreed objectives.

## Relations with shareholders

The Board and management maintain an ongoing dialogue with the Company's shareholders on strategic issues. In addition, under the National Lottery Act, 1986, certain operational matters require the approval of the Minister for Public Expenditure and Reform in respect of which ongoing contact with the Minister is maintained.

The Chairman gives feedback to the Board on issues raised with him by the shareholders. All Directors normally attend the Annual General Meeting and shareholders are invited to ask questions during the meeting and to meet with Directors after the formal proceedings have ended.

## Internal Control and Risk Management

During the year, an ongoing process existed for identifying, evaluating and managing the significant risks faced by the Company. This process was periodically reviewed by the Directors and was been in place throughout the accounting period.

The Directors are responsible for the Company's system of internal control, setting appropriate policies on internal control, seeking regular assurance that will enable them to satisfy themselves that the system is functioning effectively and ensuring that the system of internal control is effective in managing risks in the manner which it has approved. Such a system is designed to manage rather than eliminate business risks and can provide only reasonable rather than absolute assurance against material misstatement or loss.

During the year, the Directors continued to review the effectiveness of the Company's system of financial and non-financial controls, including operational and compliance controls, risk management and the Company's high level internal control arrangements.

## Eolas

Cuirtear tuarascála agus páipéir thart ar na Stiúrthóirí in am tráth do chruinnithe Boird is Coistí. Cuirtear leis na páipéir seo trí eolas ar leith a sholáthar de réir mar a iarrann Stiúrthóirí é ó am go chéile.

Faigheann na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais mhíosúla bainistíochta maille le tuairiscí agus eolas rialta ón mbainistíocht, rud a chuireann ar a gcumas mionscrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú na bainistíochta agus an Chomhlachta i gcomparáid le spriocanna aontaithe.

## Caidreamh le Scairshealbhóirí

Bíonn idirphlé leanúnach idir an Bord is an bhainistíocht le scairshealbhóirí an Chomhlachta faoi nithe straitéiseacha. Thairis sin, faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986, ní mór faomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil do ghnóthaí oibríocha áirithe agus chuige sin coinnítear teagmháil leanúnach leis an Aire.

Tugann an Cathaoirleach aiseolas don Bhord ar cheisteanna a thógann na scairshealbhóirí leis. Is gnách leis na Stiúrthóirí uile freastal ar an gCruinniú Cinnbhliana agus tugtar cuireadh do na scairshealbhóirí ceisteanna a chur le linn an chruinnithe agus casadh ar na Stiúrthóirí nuair a bhíonn deireadh leis na himeachtaí foirmiúla.

## Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Rioscaí

Tá próiseas leanúnach ann chun na rioscaí suntasacha, a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu, a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Athbhreithníonn na Stiúrthóirí é ó am go chéile agus bhí feidhm leo le linn na tréimhse cuntasaíochta.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta. Ba chóir dóibh polasaithe cuí ar rialú inmheánach a shocrú, deimhniú a lorg go rialta a shásóidh iad go bhfuil an córas ag feidhmiú go héifeachtach agus ní mór dóibh a bheith sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach chun rioscaí a bhainistiú ar an dóigh a faomhadh. Ceaptar córas mar seo chun rioscaí gnó a bhainistiú seachas fáil réidh leo agus ní thig leis ach barántas réasúnta, seachas barántas iomlán, a thabhairt in aghaidh aon mhíráiteas ábhartha nó caillteanas.

Le linn na bliana lean na Stiúrthóirí de bheith ag athbhreithniú éifeacht chóras rialaithe airgeadais agus neamh-airgeadais an Chomhlachta, ina measc rialúchán oibríoch agus géilliúntais, bainistíocht rioscaí agus socruithe rialaithe ardleibhéil an Chomhlachta.

These reviews included an assessment of internal controls by management, management assurance of the maintenance of controls, reports from the internal auditor and reports from the external auditor on matters identified in the course of its statutory audit work.

The key procedures which the Directors established with a view to providing effective internal control during the year were as follows:

- A clear focus on business objectives as determined by the Board after consideration of the statutory responsibilities and risk profile of the Company's business.
- A defined organisational structure with clear lines of responsibility, delegation of authority and segregation of duties designed to foster a beneficial control environment.
- A risk management process which considered the strategy and development of the business in the context of the annual budget process when financial plans and performance targets were set and reviewed by the Board in light of the Company's overall objectives.
- A report and control system which produced a comprehensive set of financial reports. The annual budget was approved by the Board. Key financial statistics were monitored by management on a daily basis. Actual results were reported monthly against budget and any significant adverse variances examined and remedial action taken.
- Control procedures – comprehensive procedures manuals were maintained by the Company in respect of all its main activities. In particular, there were clearly defined limits and procedures for financial expenditure, including procurement and capital expenditure, and for all draw operations.
- Monitoring system – compliance with control objectives was monitored on an ongoing basis by management. The control system was also monitored by internal audit whose work was focused on the areas of greatest risk to the Company.

The Company had procedures to ensure that appropriate arrangements were in place for employees to be able to raise, in confidence, matters of possible impropriety, with suitable subsequent follow-up action. Reporting channels were in place whereby perceived wrongdoing may be reported orally and via post, telephone and email, anonymously if preferred.

Mar chuid den athbhreithniú seo rinneadh meastóireacht ar rialúcháin inmheánacha na bainistíochta, ar dheimhnithe ón mbainistíocht go leantar den rialú, ar thuairiscí ón iniúchóir inmheánach agus ar thuairiscí ón iniúchóir seachtrach ar chúrsaí a aithníodh agus an obair reachtúil iniúchóireachta ar bun.

Seo a leanas na príomh-ghnáthaimh a cheap na Stiúrthóirí chun rialú inmheánach éifeachtach a chinntiú:

- Fócas grinn ar na cuspóirí gnó, mar atá leagtha amach ag an mBord, tar éis na freagrachtaí reachtúla is próifíl riosca an Chomhlachta a thabhairt san áireamh.
- Struchtúr sainithe eagraíochta le línte soiléire freagrachta, tarmligean údaráis agus dealú dualgas a cheapadh chun timpeallacht tairbheach rialaithe a chothú.
- Próiseas bainistiú rioscaí a thugann san áireamh straitéis agus forbairt an ghnó i gcomhthéacs phróiseas bliantúil an bhuiséid nuair a leagann an Bord amach is mar a athbhreithníonn sé pleananna airgeadais agus spriocanna feidhmithe i gcomhthéacs chuspóirí foriomlána an Chomhlachta.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe a chuireann ar fáil tacar uileghabhálach de thuairiscí airgeadais. D'fhaomhaigh an Bord an buiséad bliantúil. Rinne an bhainistíocht meastóireacht go laethúil ar eochair-staitisticí airgeadais. Tuairiscíodh na torthaí iarbhíre míosúla i gcomparáid leis an mbuiséad agus scrúdaíodh difríochtaí substaintiúla diúltacha agus féachadh le hiad a cheartú.
- Gnáthaimh rialaithe – coinníodh an Comhlacht lámhleabhair chuimsitheacha gnáthaimh ar a phríomh-imeachtaí uile. Bhí, ach go háirithe, teorainneacha agus gnáthaimh leagtha amach go soiléir faoi chaiteachas airgid. Áiríodh anseo soláthairtí, caiteachas caipitil agus reáchtáil na gcrannchur uile.
- Córas faireacháin – rinne an bhainistíocht faireachán ar chomhlíonadh na gcuspóirí rialaithe ar bhonn leanúnach. Rinneadh faireachán ar an gcóras rialaithe freisin trí iniúchadh inmheánach a dhéanamh ar na gnéithe úd is mó riosca don Chomhlacht.

Bhí gnáthaimh i bhfeidhm ag an gComhlacht a chinntíodh gurbh fhéidir le fostaithe ceisteanna faoi aon iompar míchuí, a fhéadfadh a bheith ann, a ardú faoi dhiscréid agus gur leanadh an cheist ansin ar bhealach cuí. Bhí bealaí tuairiscithe ceaptha trínar féidir aon iompar míchuí, a measadh a bheith ann, a thuairisciú de bhéal, tríd an bpost, thar an teileafón nó i ríomhphost, agus é sin gan ainm a thabhairt dá mb'fhearr sin.

## Attendance at Board and Board Committee meetings

The following table shows the number of Board and Board Audit & Risk Committee meetings held during the year ended 31 December 2014 and the attendance records of individual Directors.

## Freastal ar chruinnithe de chuid an Bhoird agus Choistí an Bhoird

Léiríonn an tábla thíos líon na gcruinnithe a bhí ag an mBord agus ag Coiste Iniúchóireachta & Rioscaí an Bhoird le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014 maille leis an bhfreastal a rinne gach Stiúrthóir.

| | **Board meetings** Cruinnithe Boird | **Audit & Risk Committee meetings** Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí |
|---|---|---|
| **Total number of meetings** Líon iomlán na gcruinnithe | **10** | **4** |
| Donal Connell | 10/10 | 4/4 |
| Dermot Griffin | 10/10 | - |
| Micheál Ó'Muircheartaigh | 7/10 | 2/4 |
| Caroline Murphy | 10/10 | 4/4 |
| Peter Quinn | 10/10 | - |
| Oliver Wilkinson | 8/10 | - |

## Directors' remuneration

The remuneration of the Chief Executive was subject to the approval of the Board of the Company. The objective was to maintain the remuneration of the Chief Executive at a level which was attractive to the individual while, at the same time, represented value for money for the Company. A proportion of the Chief Executive's remuneration was performance related and, in that way, was linked to the Company and individual objectives.

Fees for Directors are determined by the Minister for Public Expenditure and Reform.

No Director has a service contract with the Company. No executive Director serves as a paid non-executive Director elsewhere.

### The Board:

- determined the remuneration and other terms and conditions of employment of the Chief Executive;
- determined the pay structures and terms and conditions of other senior personnel;
- took all decisions related to pay and pay related matters; and
- considered any other matters which it deems to be relevant to the foregoing.

The disclosures made in these financial statements (note 6) relating to Directors' emoluments and pension information are those required under the Companies Act, 2014.

## Luach Saothair na Stiúrthóirí

Níor mhór don Bhord an Chomhlachta luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a fhaomhadh. Bhí sé mar chuspóir luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a choinneáil ar leibhéal a bheadh mealltach dó agus, ag an am céanna, a thabharfadh luach maith airgid don Chomhlacht. Íocadh sciar de luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh de réir feidhmíochta agus, ar an dóigh seo, bhí baint aige le cuspóirí an Chomhlachta agus leis an duine aonair.

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a shocraíonn táillí na Stiúrthóirí.

Níl conradh seirbhíse ag aon Stiúrthóir leis an gComhlacht. Ní fheidhmíonn aon Stiúrthóir feidhmeach mar Stiúrthóir neamh-fheidhmeach faoi íocaíocht áit ar bith eile.

### Shocraigh an Bord:

- luach saothair agus téarmaí is coinníollacha eile fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh;
- an struchtúr tuarastail is téarmaí oibre agus coinníollacha fostaíochta chomhaltaí sinsearacha eile foirne;
- na cinntí uile a bhain le tuarastal agus le nithe a bhain le tuarastal; agus
- measúnú a dhéanamh ar nithe eile a shíleann sé a bheith ábhartha do na gnóthaí thuasluaite.

Is éard atá san fhaisnéisiú atá déanta sna ráitis airgeadais seo (nóta 6) a bhaineann le luach saothair nó le heolas pinsin na Stiúrthóirí, ná an faisnéisiú a éilítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014.

## The Audit & Risk Committee

During the year, the Audit & Risk Committee comprised of Micheál Ó Muircheartaigh, Caroline Murphy and Donal Connell. Micheál Ó Muircheartaigh acted as Chairperson of the Committee. All the members of the Committee were non-executive Directors.

Under its terms of reference, during the year, the Audit & Risk Committee continued to monitor the integrity of the Company's financial statements. The Committee is responsible for monitoring the effectiveness of the external audit process and making recommendations to the Board in relation to the appointment, re-appointment and remuneration of the external auditors. It is responsible for ensuring that an appropriate relationship between the Company and the external auditors is maintained, including reviewing non-audit services and fees. As a result of regulatory or similar requirements, it was necessary to employ the Company's external auditors for certain audit related and non-audit services. In order to maintain the independence of the external auditors, the Committee determined policies as to what audit related and non-audit services could be provided by the Company's external auditors and the approval process related to these services. In particular, the Board considered it appropriate that independent observer and draw related services, which were the principal constituent of non audit related fees paid, be performed by the external auditors. Under these policies, work of a consultancy nature was not offered to the external auditors unless there were clear efficiencies and value added benefits to the Company while ensuring that the objectivity and independence of the external auditors was maintained. The Committee monitored the level of fees paid to the external auditors.

During the year, the Committee reviewed the Company's systems of internal control and the processes for monitoring and evaluating the risks facing the Company.

The Committee met with management, as well as privately with the external auditors.

In 2014, the Committee discharged its responsibilities by:

- reviewing the Company's draft financial statements prior to Board approval and meeting and reviewing with the external auditors their reports thereon;
- reviewing the appropriateness of the Company's accounting policies and the basis of preparation of the Company's financial statements;
- reviewing the potential impact on the Company's financial statements of significant matters;

## An Coiste Iniúchóireachta & Rioscaí

Le linn na bliana b'iad Micheál Ó Muircheartaigh, Caroline Murphy agus Donal Connell comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta & Rioscaí. Micheál Ó Muircheartaigh a d'fheidhmigh mar Chathaoirleach ar an gCoiste. Stiúrthóirí neamh fheidhmiúcháin ba ea comhaltaí uile an Choiste.

Faoina théarmaí tagartha, le linn na bliana rinne an Coiste Iniúchóireachta & Rioscaí faireachán ar ionracas ráitis airgeadais an Chomhlachta. Tá an Coiste freagrach as faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht phróiseas an iniúchta seachtraigh agus as moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le ceapadh, athcheapadh agus luach saothair na n-iniúchóirí seachtracha. Tá sé freagrach chomh maith as deimhin a dhéanamh de go gcoimeádtar gaol cuí idir an Comhlacht agus na hiniúchóirí seachtracha agus athbhreithniú ar sheirbhísí is ar tháillí neamh-iniúchóireachta san áireamh. De bharr riachtanais rialacháin nó cinn dá shórt, is gá iniúchóirí seachtracha an Chomhlachta a fhostú le haghaidh seirbhísí áirithe a bhaineann leis an iniúchadh agus cinn neamh-iniúchóireachta. Chun go gcaomhnófaí neamhspleáchas na n iniúchóirí seachtracha, rianaigh an Coiste Inúchóireachta polasaithe faoi na seirbhísí, idir sheirbhísí a bhaineann leis an iniúchadh agus sheirbhísí neamh iniúchóireachta, a fhéadfadh iniúchóirí seachtracha an Chomhlachta a sholáthar agus faoin bpróiseas chun na seirbhísí seo a fhaomhadh. Mheas an Bord, ach go háirithe, go raibh sé cuí gurb iad na hiniúchóirí seachtracha a sholáthródh seirbhísí mar bhreathnadóir neamhspleách agus seirbhísí a bhain leis an gcrannchur, ar phríomhghné iad de na táillí iniúchóireachta a íoctar. De réir na bpolasaithe seo, ní dhéantar obair chomhairleoireachta a thairiscint do na hiniúchóirí seachtracha mura raibh buntáistí soiléire éifeachtachta agus breisluacha le fáil ag an gComhlacht agus oibiachtúlacht is neamhspleáchas na n iniúchóirí seachtracha a bheith slán i gcónaí. Rinne an Coiste faireachán ar leibhéal na dtáillí a íocadh leis na hiniúchóirí seachtracha.

Le linn na bliana, d'athbhreithnigh an Coiste córais rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta agus na modhanna chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu.

Bhuail an Coiste leis an mbainistíocht agus freisin go príobháideach leis na hiniúchóirí seachtracha.

Le linn 2014 chomhlíon an Coiste a chuid dualgas trí:

- athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-ráitis airgeadais an Chomhlachta sular dhein an Bord iad a fhaomhadh agus trí chasadh ar na hiniúchóirí seachtracha is a dtuairiscí ar na ráitis airgeadais a athbhreithniú i bpáirt leo;
- oiriúnacht pholasaithe cuntasaíochta an Chomhlachta a athbhreithniú agus an bonn ar a n-ullmhaítear ráitis airgeadais an Chomhlachta;
- an éifeacht fhéideartha a fhéadfadh a bheith ar ráitis airgeadais an chomhlachta ag rudaí suntasacha a athbhreithniú;

- reviewing the resources of internal audit, approving the internal audit plans, reviewing internal audit reports and dealing with control issues raised by the internal auditors;
- reviewing and approving the audit fee and reviewing non-audit fees payable to the Company's external auditors;
- reviewing the external auditors' report on its audit of the financial statements and their responses to accounting, financial control and audit issues as they arise, obtaining confirmations of auditor independence, approving the proposed audit fee, and approving the terms of engagement for the audit;
- considering the adequacy of the Company's system of risk identification and assessment;
- reviewing an annual report on the Company's systems of internal control and its effectiveness, reporting to the Board on the results of the review and receiving regular updates on key risk areas of financial control.

## Compliance statement

The Board has developed its corporate governance policy so as to give effect to the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the Department of Finance and to meet the appropriate standards of good governance for such an entity.

The Directors confirm that the Company has been in compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies throughout the financial year under review.

## Going Concern

In October 2013, the Minister for Public Expenditure and Reform announced that Premier Lotteries Ireland Limited had been selected as the preferred applicant of the next National Lottery Licence which will be in place for a 20 year period. The new licence was signed on 27 February 2014 and following a period of transition, on 30 November 2014, Premier Lotteries Ireland Limited commenced as operator of the National Lottery under its new licence. The Company ceased trading on 29th November, 2014. In light of these events, the Directors have considered the basis of accounting and have deemed it appropriate that the financial statements be prepared on a wind up basis of accounting to reflect the fact that the Company ceased to hold the National Lottery licence, which means that assets and liabilities are stated at their net recoverable or payable amounts and costs associated with the transition of the Licence to Premier Lotteries Ireland Limited are provided for.

- acmhainní an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú, pleananna an iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh, tuairiscí an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú agus déileáil le ceisteanna suntasacha a thógann na hiniúchóirí inmheánacha;
- táille an iniúchta agus táillí neamh-iniúchóireachta, iníoctha le hiniúchóirí seachtracha an Chomhlachta, a athbhreithniú is a fhaomhadh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil na n-iniúchóirí seachtracha ar a n- iniúchadh ar ráitis airgeadais agus ar a bhfreagraí ar cheisteanna a bhaineann leis an gcuntasaíocht, le rialú airgeadais agus leis an iniúchadh de réir mar a éiríonn siad, deimhniú a fháil ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí, an táille iniúchóireachta a fhaomhadh agus na téarmaí fostaíochta a ghabhann leis an iniúchadh.
- leordhóthaineacht chóras an Chomhlachta chun rioscaí a aithint is a thomhas, a mheas;
- tuairisc bhliantúil ar chórais an Chomhlachta um rialú inmheánach agus a éifeachtúlacht a athbhreithniú, tuairisc a thabhairt don Bhord ar thorthaí an athbhreithnithe agus tuairiscí suas-chun-dáta a fháil go rialta ar eochair-ghnéithe riosca den rialú airgeadais.

## Ráiteas Géilliúntais

D'fhorbair an Bord a pholasaí ar rialachas corparáide le go mbeadh feidhm ag an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus chun feidhm a thabhairt do na caighdeáin chuí dearialachais d'aonán mar é. Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chomhlíon an Comhlacht an Cód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit le linn na bliana airgeadais atá faoi chaibidil.

## Gnóthas Leantach

Mí Dheireadh Fómhair 2013 d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go raibh Príomh-Chrannchuir Éireann Teoranta pioctha mar rogha iarrthóra don chéad Cheadúnas eile don Chrannchur Náisiúnta, a bhfuil feidhm leis ar feadh tréimhse 20 bliain. Síníodh an ceadúnas nua ar 27 Feabhra 2014 agus tar éis tréimhse trasdula, ar 30 Samhain 2014, thosaigh Príomh-Chrannchuir Éireann Teoranta ar bheith mar oibritheoir An Chrannchuir Náisiúnta faoina cheadúnas nua. Stop an Comhlacht de bheith ag trádáil ar 29 Samhain 2014. I bhfianaise na n-imeachtaí seo chíor na Stiúrthóirí an bonn cuntasaíochta agus mheas siad go mbeadh sé cuí go n-ullmhófaí na ráitis airgid ar bhonn cuntasaíochta foirceanntha a léireodh nach raibh ceadúnas An Chrannchuir Náisiúnta a thuilleadh ag an gComhlacht. Ciallaíonn sé seo go léirítear sócmhainní agus dliteanais ar a nglan-luach inaisghabhála nó iníoctha agus go ndéantar soláthar do na costais a ghabhann le trasdul an Cheadúnais go dtí Príomh-Chrannchuir Éireann Teoranta.

## Accounting Records

The Directors believe that they have complied with the requirements of Section 281 and 282 of the Companies Act 2014 with regard to adequate accounting records by employing accounting personnel with appropriate expertise and by providing adequate resources to the financial function. The books of account of the Company are maintained at An Post National Lottery Company Headquarters, Lower Abbey Street, Dublin 1.

## 7. Auditors

The auditors KPMG, Chartered Accountants, will continue in office in accordance with Section 383(2) of the Companies Act 2014.

On behalf of the Board

Donal Connell
Chairman

Dermot Griffin
Chief Executive

28 August, 2015

## Taifid Chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad riachtanais Alt 281 agus Alt 282 d'Acht na gCuideachtaí 2014 i dtaca leis na taifid chuntasaíochta trí fhoireann cuntasaíochta, leis an saineolas cuí, a fhostú agus trí dhóthain acmhainní a chur ar fáil do na feidhmeanna cuntasaíochta. Coinnítear leabhair chuntas in Ard-Oifig Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist, ag Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

## 7. Iniúchóirí

Leanann KPMG, Cuntasóirí Cairte, orthu in oifig faoi réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Thar ceann an Bhoird

Donal Connell
Cathaoirleach

Dermot Griffin
Stiúrthóir

28 Lúnasa, 2015

The Directors are also responsible for preparing a Directors' Report that complies with the requirements of the Companies Act 2014.

The Directors are responsible for the maintenance and integrity of the corporate and financial information included on the Company's website. Legislation in the Republic of Ireland governing the preparation and dissemination of financial statements may differ from legislation in other jurisdictions.

On behalf of the Board

Donal Connell
Chairman

Dermot Griffin
Chief Executive

28 August, 2015

Tá na Stiúrthóirí freagrach chomh maith as Tuarascáil Stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá na Stiúrthóirí freagrach chomh maith as cothabháil agus sláine an eolais chorparáide agus airgeadais a chuimsítear ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta. Is féidir go bhfuil difríochtaí idir reachtaíocht Phoblacht na hÉireann maidir le réiteach agus le dáileadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

Donal Connell
Cathaoirleach

Dermot Griffin
Príomhfheidhmeannach

28 Lúnasa, 2015

# Independent Auditor's Report to the members of An Post National Lottery Company

We have audited the financial statements of An Post National Lottery Company for the year ended 31 December 2014 which comprise the Profit and Loss Account, the Balance Sheet, the Cash Flow Statement, the Accounting Policies and the related notes. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is Irish law and accounting standards issued by the Financial Reporting Council and promulgated by the Institute of Chartered Accountants in Ireland (Generally Accepted Accounting Practice in Ireland).

## Opinions and conclusions arising from our audit

### 1. Our opinion on the financial statements is unmodified

In our opinion the financial statements:

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Company as at 31 December 2014 and of its result for the year then ended;
- have been properly prepared in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland; and
- have been properly prepared in accordance with the requirements of the Companies Act 2014.

### 2. Our opinion on the financial statements is accompanied by an emphasis of matter-non-going concern basis of preparation

In forming our opinion, which is not modified, we have considered the adequacy of the disclosure made in the basis of accounting note on page 42 and in note 7 to the financial statements which explains that the financial statements have not been prepared on a going concern basis for the reasons set out in that note.

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do bhaill chomhlacht Chrannchur Náisiúnta An Phoist

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ar a n-áirítear an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, na Polasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na cuntais faoi réir chreatlach thuairisciú airgeadais dhlí na hÉireann agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais agus a d'fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (na Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn).

## Tuairimí agus Conclúidí a eascraíonn as ár n-iniúchadh

### 1. Tá ár dtuairim faoi ráitis airgeadais neamh-mhodhnaithe

Is í ár dtuairim faoina ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteannais is ar staid airgeadais an Chomhlachta ar 31 Nollaig 2014 agus ar a thoradh don bhliain a chríochnaigh ansin;
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Chleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad faoi réir na gceangaltas in Acht na gCuideachtaí 2014.

### 2. Tá béim ábhartha ag dul lenár dtuairim ar na ráitis airgeadais – ar an mbonn neamh-leantach gnó agus iad dá n-ullmhú

Agus sinn ag teacht ar ár dtuairim, nach bhfuil modhnaithe, phléamar leordhóthanacht an fhaisnéisithe atá déanta faoin mbonn cuntasaíochta sa nóta ar leathanach 42 agus i nóta 7 leis sna ráitis airgeadais a mhíníonn nár réitíodh na ráitis airgeadais ar bhonn ghnó leantaigh ar na cúiseanna atá tugtha sa nóta sin.

### 3. Our conclusions on other matters on which we are required to report by the Companies Act 2014 are set out below

We have obtained all the information and explanations which we consider necessary for the purposes of our audit.

In our opinion the accounting records of the Company were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited and the financial statements are in agreement with the accounting records.

In our opinion the information given in the Directors' Report is consistent with the financial statements.

### 4. We have nothing to report in respect of matters on which we are required to report by exception

ISAs (UK & Ireland) require that we report to you if, based on the knowledge we acquired during our audit, we have identified information in the annual report that contains a material inconsistency with either that knowledge or the financial statements, a material misstatement of fact, or that is otherwise misleading.

In addition, the Companies Act 2014 requires us to report to you if, in our opinion, the disclosures of directors' remuneration and transactions required by sections 305 to 312 of the Act are not made.

Under the Code of Practice for the Governance of State Bodies (''the Code'') we are required to report to you if the statement regarding the system of internal financial control required under the Code as included in the Corporate Governance Statement on pages 25 to 33 does not reflect the Company's compliance with paragraph 13.1 (iii) of the Code or if it is not consistent with the information of which we are aware from our audit work on the financial statements and we report if it does not.

### Basis of our report, responsibilities and restrictions on use

As explained more fully in the Directors' Responsibilities Statement set out on page 34, the directors are responsible for the preparation of the financial statements and for being satisfied that they give a true and fair view and otherwise comply with the Companies Act 2014. Our responsibility is to audit and express an opinion on the financial statements in accordance with Irish law and International Standards on Auditing (UK and Ireland). Those standards require us to comply with the Financial Reporting Council's Ethical Standards for Auditors.

### 3. Tá ár gconclúidí ar ábhair eile a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú faoi Acht na gCuideachta 2014 leagtha amach anseo thíos

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar ba ghá i gcomhair ár n-iniúchta.

Is í ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta an Chomhlachta dóthaineach le go bhféadfaí na ráitis airgeadais

Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais agus is í ár dtuairim gur choimeád an Comhlacht leabhair chuntais chuí.

Is í ár dtuairim í go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Is í ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta an Chomhlachta dóthaineach le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### 4. Níl aon ní le tuairisciú againn a bhaineann le hábhair a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú ar bhonn eisceachtúil

Éilíonn ISA (An Ríocht Aontaithe & Éire) go ndéanfaimis tuairisciú daoibh má aithníomar faisnéis sa tuarascáil bhliantúil, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuaireamar le linn ár n-iniúchta, nach bhfuil ag teacht go hábhartha leis an bhfaisnéis sin nó leis na ráitis airgeadais, míráiteas ábhartha ar fhíric nó atá míthreorach ar shlí éigin eile.

